# Tionchar Erasmus+ ar an Earnáil Oideachais Aosach in Éirinn

Tuarisc náisiúnta an Lionra RIA-AE

Meán Fómhair 2026

**Achoimre Fheidhmeach**

## Cúlra maidir leis an staidéar

Is cuid den tionscadal trasnáisiúnta monatóireachta agus taighde é an staidéar seo de chuid chlár Erasmus+ in oideachas aosach, faoi stiúir an Líonra um Anailís Tionchair atá bunaithe ar thaighde in Oideachas Aosach (RIA-AE) ar fud 3 bhabhta suirbhéireachta. Bunaíodh an tionscnamh taighde seo sa bhliain 2022 chun an bonn fianaise ar fhoghlaim aosach laistigh den chlár Erasmus+ a fheabhsú. Mar chuid den tionscnamh, déantar staidéir náisiúnta monatóireachta ag baint úsáide as an mhodheolaíocht céanna go comhuaineach ar fud na dtíortha atá ina mbaill den líonra. Cuireann torthaí na staidéar monatóireachta eolas ar fáil do na Gníomhaireachtaí Náisiúnta atá i gceannas ar Erasmus+ maidir le cur i bhfeidhm an chláir agus maidir lena thionchar ina dtír féin. Fothaíonn na staidéir náisiúnta isteach sa staidéar trasnáisiúnta foriomlán, rud a leagann béim, ar a sheal, ar éifeachtaí an chláir ar an leibhéal Eorpach agus a spreagann tuilleadh forbartha air. Chuaigh Éire isteach sa líonra RIA-AE sa bhliain 2024, agus tá an tuarascáil seo mar chuid den dara babhta suirbhéireachta a díríodh ar thionscadail a bhí gníomhach idir 2021 – 2024.

Tá an tionscadal monatóireachta dírithe ar an tionchar a bhaineann le 2 phríomhghníomhaíocht as na 3 cinn (KA) den chlár Erasmus+: KA1 (soghluaisteacht foghlama an duine aonair) agus KA2 (comhar idir eagraíochtaí agus institiúidí). Déantar cíoradh ar an tionchar ar na eagraíochtaí agus a bhfoirne a mhaoinítear, ar na foghlaimeoirí agus ar an earnáil oideachais sa tír faoi seach. Sa dara babhta suirbhéireachta díríodh sa bhreis ar théama an tionchair a d'imir an clár ar rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus ar chaidreamh sibhialta.

Tá an dearadh monatóireachta a comhaontaíodh laistigh den líonra bunaithe ar chur chuige modhanna measctha. Is é atá ann anailís doiciméad lena n-áirítear doiciméid tionscadail agus sonraí ó bhunachair shonraí de chuid an Aontais, suirbhé ar líne agus staidéir cháis i measc eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú, chomh maith le hagallaimh le foghlaimeoirí lánfhásta agus le heagraíochtaí nach bhfuil ag glacadh páirte. Bailíodh na sonraí in Éirinn idir Meán Fómhair 2025 agus Márta 2026 agus ba é Léargas a rinne é le tacaíocht theicniúil ó Ockham IPS.

## Achoimre ar na torthaí

Rinne an staidéar seo cíoradh ar thionchar Erasmus+ ar an earnáil oideachais aosach in Éirinn, agus aird ar leith á tabhairt ar inrochtaineacht agus ionchuimsiú, ar thorthaí eagraíochta agus foghlaimeora, agus ar thosaíocht an chláir, is é sin, '*Rannpháirtíocht sa saol daonlathach, comhluachanna agus caidreamh sibhialta'*. Ar an iomlán, léiríonn na torthaí go gcuireann Erasmus+ go mór le heagraíochtaí oideachais aosach a neartú, le cleachtais ghairmiúla a fheabhsú, leis an tacaíocht a thugtar d'fhorbairt foghlaimeoirí agus do shaoránacht ghníomhach a chur chun cinn.

### Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú

Maidir le hinrochtaineacht agus ionchuimsitheacht an chláir, leagann an tuarascáil tionchair béim ar **rannpháirtíocht agus caidreamh láidir**, go háirithe ón earnáil

neamhrialtasach, an earnáil ina bhfuil an chuid is mó de na róil chomhordúcháin ar fud clár KA1 agus KA2. Tá comhlachtaí poiblí, cuideachtaí príobháideacha agus soláthraithe ardoideachais gníomhach sa chlár freisin, cé gur dócha go nglacann soláthraithe ardoideachais páirt i dtionscadail KA2 amháin den chuid is mó. Tá creidiúnú ag 40% d'eagraíochtaí a ndearnthas suirbhé orthu. [1]

Is eagraíochtaí meánmhéide (11–50 ball foirne) iad formhór na n-eagraíochtaí rannphháirteacha a thug freagra ar an suirbhé, agus de ghnáth bíonn siad ag obair le >250 foghlaimeoir fásta. Deir cion suntasach d'eagraíochtaí gur soláthraithe oideachais aosach iad agus oibríonn siad thar raon leathan earnálacha lena n-áirítear forbairt phobail, fostaíocht agus treoir ghairme chomh maith le hoideachas comhshaoil.

Toradh dearfach is ea go bhfuil **líon na n-eagraíochtaí nua ag dul i méid**, go háirithe i dtionscadail shoghluaisteachta KA1. Leanann grúpa níos lú d'eagraíochtaí a bhfuil taithí acu de bheith rannpháirteach go mion minic, go háirithe in gníomhaíochtaí KA2. Chuir freagróirí an tsuirbhé in iúl go bhfuil sé i gceist ag 59% d'eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú Erasmus+ (KA1) arís amach anseo. Thuairiscigh 24% eile nach raibh siad cinnte faoi iarratas eile a dhéanamh. Tugann an toradh seo le fios go bhfuil gá le tacaíochtaí breise d'eagraíochtaí tairbhíocha, go háirithe sa chéim phleanála.

In ainneoin na dtorthaí dearfacha seo, tá bacainní ann i gcónaí. Sna torthaí taighde **aithníodh bacainní** maidir le hinrochtaineacht agus ionchuimsitheacht an chláir. Leanann castacht riaracháin, srianta ar acmhainneacht eagraíochtaí agus brú maidir le soláthar foirne de thionchar a imirt ar rannpháirtíocht, go háirithe i gcás eagraíochtaí nua agus eagraíochtaí beaga. Anuas ar na bacainní seo a bhaineann leis an leibhéal eagraíochta den chuid is mó, ba léir ón staidéar go bhfuil bacainní ann leis a bhaineann le leibhéal an fhoghlaimeora i dtaca le hearcaíocht agus rannpháirtíocht. Ba dheacair do na foghlaimeoirí freagrachtaí oibre agus cúraim a réiteach le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta, go háirithe d'fhoghlaimeoirí a bhfuil níos lú deiseanna acu.

Léiríonn dáileadh geografach na n-eagraíochtaí maoinithe in Erasmus+ a chríochnaigh sa tréimhse 2021–2024 éagothroime láidir idir réigiúin. Is iad réigiún an oirthir agus réigiún lár na tíre atá freagrach as an gcuid is mó ar fad den iomlán, is é sin, 75%, de thionscadail KA1 agus KA1 araon. Léiríonn **an éagothroime gheografach** freisin an gá le for-rochtain níos spriocdhírithe i gceantair faoi ghannionadaíocht, is é sin réigiún an deiscirt, an iarthair agus an tuaiscirt.

**Tionchar eagraíochta agus foirne**

Cíoradh tionchar Erasmus+ san oideachas aosach ar an meisi-leibhéal, an micri-leibhéal agus an macrai-leibhéal. Ag an meisi-leibhéal (eagraíochtaí), léiríonn na torthaí go raibh tionchar láidir ag rannpháirtíocht in Erasmus +. Is léir ón bhfianaise go raibh rannpháirtíocht éifeachtach spriocghrúpaí éagsúla ann, rud a léiríonn próifílí éagsúla foghlaimeoirí lánfhásta laistigh d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus teacht ar aon dul le príomhréimsí tosaíochta an chláir. Áirítear leis seo dáileadh leathan aoise, chomh maith le grúpaí ar leith amhail daoine fásta dífhostaithe,

daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil ag teacht aniar ó andúil, daoine ó chúlraí imirce agus foghlaimeoirí ó chúlraí imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste.

Mar thoradh ar a rannpháirtíocht tá cumas nuála agus comhair eagraíochtaí chomh maith lena gcumas freagairt do riachtanais foghlaimeoirí agus foirne éagsúla tar éis dul i neart. Thuairiscigh na freagróirí gur chuir rannpháirtíocht i dtionscadail KA2 le **forbairt aschur inláimhsithe, ábhartha** lena n-áirítear curaclaim, modúil oiliúna, ábhair teagaisc agus foghlama, lámhleabhair, uirlisí oideolaíocha agus láithreáin ghréasáin. Toradh suntasach is ea leanúint d'úsáid na n-aschur seo tar éis do shaolré an tionscadail a bheith thart, rud a léiríonn a n-ábharthacht agus a luach praiticiúil. Thacaigh tionscadail shoghluaisteachta KA1 go mór mór le soghluaisteacht foirne agus lena bhforbairt ghairmiúil. Mar sin féin, thuairiscigh freagróirí taighde freisin gur mhéadaigh an rannpháirtíocht in Erasmus+ cumas a n-eagraíochta tacú le soghluaisteacht foghlaimeoirí.

Ag leibhéal na foirne, fuarthas torthaí soiléire comhsheasmhacha maidir le **forbairt ghairmiúil** mar thoradh ar an rannpháirtíocht in Erasmus+. Ar cheann de na tionchair ba thábhachtaí tá forbairt scileanna gairmiúla, go háirithe **cumas** idirchultúrtha. Thuairiscigh baill foirne méadú ar a bhfeasacht agus ar a dtuiscint ar chomhthéacsanna cultúrtha éagsúla, chomh maith le níos mó muiníne agus iad ag obair i dtimpeallachtaí foghlama éagsúla. Tuairiscíodh freisin gur éascaigh an caidreamh le comhghleacaithe Eorpacha **malartú smaointe agus dea-chleachtas,** gur leathnaigh sé dearcthaí gairmiúla agus gur spreag sé nuálaíocht.

De bhreis air sin, tá fianaise láidir ann go bhfuil **feabhas tagtha ar scileanna oideolaíochta agus teagaisc.** Tuairiscíodh go raibh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta agus i gcúrsaí oibre tionscadail ag tacú le foireann agus iad ag glacadh le modhanna, uirlisí agus cur chuige nua teagaisc. I measc na samplaí de seo tá comhtháthú cleachtas níos cuimsithí, modheolaíochtaí atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus teicnící nuálacha ina gcuid oibre. Thuairiscigh freagróirí foirne freisin gur **mhéadaigh ar mhuinín** agus ar spreagadh ina réimsí oibre.

Mar sin féin, aithníodh roinnt tosca a bhí ag cur isteach ar an gcumas leas iomlán a bhaint as na tairbhí seo. Luadh **brú ama** agus **méadú ar ualaí oibre** go minic, agus bhí dualgais bainistíochta tionscadail ag laghdú an ama a bhí ar fáil do ghníomhaíochtaí lárnacha, ar nós múinteoireachta, go minic. Ina theannta sin chuir roinnt rannpháirtithe in iúl gur féidir leis an mbéim ar ghníomhaíochtaí nua agus nuálacha a fhorbairt baint de dheiseanna cuir chuige atá ann cheana féin agus a bhfuil a n-éifeachtacht cruthaithe a dhaingniú, a athdhéanamh agus a bheachtú. Ina theannta sin aithníodh dúshlán ginearálta ar fud na hearnála, is é sin, **coinneáil foirne,** mar chonstaic mhór: d'fhéadfadh cailliúint foirne a bhfuil taithí fhada acu a bheith ina bhac ar leanúnachas an tionscadail, foghlaim eagraíochta a laghdú agus comhpháirtíochtaí atá ar an bhfód le fada an lá a lagú.

Ar an iomlán, tuairiscíodh gur tháinig feabhas ar chumas agus ar inniúlacht ghairmiúil foirne mar thoradh ar a bheith rannpháirteach in Erasmus+, rud a chuir le feabhsuithe ar cháilíocht an soláthar foghlama sna heagraíochtaí rannpháirteacha.

**Tionchar ar an bhFoghlaimeoir**

Tá an tionchar ar fhoghlaimeoirí lánfhásta chomh tábhachtach céanna. Thuairiscigh freagróirí gur chuir eispéiris Erasmus+ le **muinín mhéadaithe, spreagadh agus braistint féinmheasa níos láidre**. I gcás roinnt foghlaimeoirí, go háirithe iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó iad siúd atá ag filleadh ar an oideachas níos déanaí sa saol, is féidir leis an eispéireas a bheith mar chuid de phróiseas claochlaitheach a spreagann tuilleadh rannpháirtíochta i bhfoghlaim, i bhfostaíocht agus i saol an phobail.

Tagann **foghlaim agus feasacht idirchultúrtha** chun cinn mar réimse tionchair suntasach de réir freagróirí an tsuirbhé, rud a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a bheith níos oscailte, a gcuid claontachta féin a cheistiú, agus tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar éagsúlacht agus ar ionchuimsiú. Thuairiscigh na foghlaimeoirí freisin **forbairt scileanna**, go háirithe i gcúrsaí cumarsáide, cuir i láthair agus scileanna sóisialta, chomh maith le níos mó muiníne i ‘dul amach as a gcrios chompoird' agus toilteanas níos mó leas a bhaint as deiseanna nua.

Leagann na torthaí béim freisin ar an méadú ar **chaidreamh sibhialta agus ar rannpháirtíocht phobail** a tuairiscíodh tar éis eispéiris shoghluaisteachta. Deir na foghlaimeoirí go bhfuil siad ag éirí níos gníomhaí ina gcuid pobal agus go bhfuil níos mó feasachta acu ar riachtanais daoine eile, go háirithe grúpaí imeallaithe. Ina theannta sin, tá fianaise láidir ann go bhfuil **méadú tagtha ar an spreagadh chun foghlaim ar feadh an tsaoil** i measc freagróirí an tsuirbhé, agus go leor foghlaimeoirí ag cur in iúl go bhfuil fonn orthu leanúint lena n-aistear oideachais.

**Rannpháirtíocht sa saol daonlathach, comhluachanna agus caidreamh sibhialta**

Leagann an tuarascáil béim ar an rannchuidiú suntasach a dhéanann Erasmus+ chun rannpháirtíocht sa saol daonlathach, comhluachanna, agus caidreamh sibhialta a chur chun cinn. Léiríonn tréithe na dtionscadal Erasmus+ go bhfuil siad **go mór ar aon dul** leis an réimse tosaíochta seo: tugann 55% de na tionscadail aghaidh go díreach ar an téama agus tugann 26% eile aghaidh air go hindíreach. Níl ach 22% de thionscadail ann nach gcuireann aghaidh ar an tosaíocht seo.

Go sonrach i dtaobh KA1 agus KA2, léiríonn an dá Phríomhghníomhaíocht a lán rannpháirtíocht dhíreach sa tosaíocht seo: téann 69% de thionscadail KA1 agus 74% de thionscadail KA2 i ngleic leis an téama go díreach. Tá ionadaíocht ag gach cineál eagraíochta go comhréireach ina rannpháirtíocht sa tosaíocht seo, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ag teacht chun cinn mar na rannpháirtithe is gníomhaí. Tá díreach os cionn leath na dtionscadal críochnaithe nó beagnach críochnaithe, agus tá an 45% eile ar siúl fós.

Is iad na cuspóirí tionscadail is minice a luaitear, atá nasctha leis an téama tosaíochta seo cur chun cinn **comhluachanna Eorpacha**, neartú **diminsin Eorpaigh** na n-eagraíochtaí, agus **rannpháirtíocht shibhialta i measc na bhfoghlaimeoirí a chothú.** Laistigh de KA1 tá na gníomhaíochtaí dírithe go mór mór ar fhoireann, agus tháinig scáthfhoghlaim chun cinn mar an cineál

gníomhaíochta is coitianta. I KA2 tá na gníomhaíochtaí tionscadail dírithe go príomha ar fhorbairt churaclam agus acmhainní oiliúna.

Léiríonn na torthaí go dtugann rannpháirtíocht sa chlár Erasmus+ **creat éifeachtach** chun tacú le heagraíochtaí chun dul i ngleic leis an réimse tosaíochta seo, is é sin, *Rannpháirtíocht sa saol daonlathach, comhluachanna agus caidreamh sibhialta* agus iad a chur chun cinn, rud a thugann tionchar suntasach ar na tairiscintí d'fhoghlaimeoirí, ar fhoireann agus ar fhoghlaimeoirí.

Tá rannpháirtíocht in KA1 agus KA2 araon comhlántach, agus cuireann sé le tógáil acmhainne ag leibhéil dhifriúla. Neartaíonn soghluaisteacht foirne faoi KA1 acmhainn ghairmiúil oideoirí aosach, agus feabhsaíonn na haschuir a fhorbraítear trí thionscadail KA2 acmhainn eagraíochtúil trí chuir chuige teagaisc, modheolaíochtaí, agus uirlisí nuálacha a chur ar fáil. Cuidíonn soghluaisteacht foghlaimeoirí le forbairt acmhainne a thuilleadh trí thuiscint idirchultúrtha a chothú, trí ionchuimsiú agus feasacht ar éagsúlacht a chur chun cinn, trí **scileanna smaointeoireachta criticiúla** a fhorbairt, agus **trí rannpháirtíocht ghníomhach i saol an phobail a spreagadh.**

Maidir leis an tairiscint foghlama, tuairiscíodh gur chuidigh rannpháirtíocht i dtionscadail i gcomhar le comhpháirtithe agus piaraí Eorpacha le forbairt **churaclam níos cuimsithí,** ag méadú líon na ndaoine a bhí páirteach i gcláir. Tuairiscíodh gur fheabhsaigh na tairiscintí foghlama comhtháthú gníomhaíochtaí a **chothaíonn smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht sna meáin, agus tuiscint chomhroinnte ar chomhluachanna Eorpacha.** Forbraíodh cláir agus oiliúint nua le béim ar abhcóideacht agus ar **rannpháirtíocht i saol an phobail** freisin mar thoradh ar mhaoiniú Erasmus+. Thuairiscigh eagraíochtaí freisin gur thacaigh rannpháirtíocht le forbairt **chur chuige** a éascaíonn ionchuimsitheacht, rannpháirtíocht agus **machnamh** ar shlí níos fearr, agus gur neartaíodh comhar le comhpháirtithe na sochaí sibhialta dá barr.

Thuairiscigh baill foirne a ghlac páirt i dtionscadail **acmhainneacht fheabhsaithe** agus scileanna chun an tosaíocht seo a chomhtháthú sa chleachtas. Dúirt freagróirí foirne go raibh **muinín níos fearr**, oscailteacht, agus nuálaíocht oideolaíocht acu, go háirithe maidir le foghlaim phobalbhunaithe a éascú agus tacú le foghlaimeoirí gníomhú i dtaca le ceisteanna áitiúla. Cé go bhfuil sé deimhneach fós, tuairiscítear leibhéal muiníne atá beagán níos ísle maidir le gnéithe níos casta a mhúineadh, amhail an próiseas daonlathach a mhíniú agus plé ar rannpháirtíocht dhaonlathach a éascú.

Maidir leis na foghlaimeoirí, is tionchar suntasach é an tionchar a tuairiscíodh, ó thaobh **cumhachtaithe** agus rannpháirtíochta de. Tuairiscíodh gur chuir rannpháirtíocht i dtionscadail Erasmus+ le méadú muiníne, le tuiscint níos láidre ar a bheith mar chuid de phobal Eorpach, agus le toilteanas níos mó páirt a ghlacadh sa saol sibhialta agus daonlathach. Tá ról lárnach ag an malartú idirchultúrtha

maidir le bacainní a bhriseadh síos agus claontacht a laghdú. Cothaíonn sé meon níos ionchuimsithí agus saoránacht ghníomhach.[1]

Tagann cruthú spáis agus ama tiomnaithe chun machnamh a dhéanamh ar an rannpháirtíocht dhaonlathach agus ar chomhluachanna gaolmhara chun cinn mar ghné luachmhar ar leith den rannpháirtíocht in Erasmus+. Cruthaíonn an t-eispéireas seo spás le haghaidh **machnaimh chriticiúil,** forbairt **scileanna smaointeoireachta criticiúla** agus cothaíonn sí freagracht shibhialta agus caidreamh sibhialta níos mó ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal Eorpach.

### Breisluach Erasmus+

Léiríonn na torthaí go soiléir **breisluach ríthábhachtach chistiú Erasmus+** laistigh den earnáil oideachais do dhaoine fásta. Thuairiscigh mórchuid na n-eagraíochtaí a bhí rannphháirteach nach mbeadh a gcuid tionscadal tar éis tarlú, é sin nó go mbeadh laghdú mór ar a scála agus ar a dtionchar murach an tacaíocht ó Erasmus+. Léirigh eagraíochtaí freagróra gur **mhéadaigh** rannphháirtíocht sa chlár **a gcumas comhoibrithe, nuála, agus freagartha ar shlí níos éifeachtaí, níos ionchuimsithí do riachtanais na foirne agus na bhfoghlaimeoirí**.

[1] An Coimisiún Eorpach. (2025). *Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht eatramhach ar chlár Erasmus+ 2021–2027 agus an meastóireacht chríochnaitheach ar chlár Erasmus+ 2014–2020*. An Bhruiséil: an Coimisiún Eorpach.